

Taitneamh agus Tairbhe leis an Teanga ó Bhéal!

Máire Ní Ghráinne

3 Samhain 2021

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Painéal

- **Elaine Ní Longaigh** *(Cathaoirleach)*

Gaelscoil na Dúglaise, Corcaigh

- **Máire Ní Ghráinne**

Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Gaillimh

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Taitneamh agus Tairbhe leis an Teanga Ó Bhéal



- Máire Ní Ghráinne; *B.Oid agus Síceolaíocht, M.OID*
- Múinteoir Tacaíochta Teanga
- Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Co. na Gaillimhe

- 3 Samhain 2021

Fócas na ceardlainne

Tionchar na cianfhoghlama ar an tumoideachas, ach go háirithe an teanga ó bhéal
Moltaí agus samplaí de ghníomhaíochtaí praiticiúla chun an teanga ó bhéal a chuir chun cinn
Measúnú chun foghlama/den fhoghlaim
Moltaí eile agus plé ar cheisteanna

Impleachtaí na cianfhoghlama

Dhá bhliain dhúshlánach agus eisceachtúil do pháistí bunscoile.

Tionchar ar an tumoideachas? **An cur chuige cumarsáideach!**

Drogall ar roinnt daltaí an Ghaeilge a labhairt lena chéile.

Rian an Bhéarla agus míchruinneas le cloisteáil.

Conas dul i ngleic leis seo?



Sealbhaítear teanga trína húsáid!

Is gá **deiseanna** a chruthú chun an teanga a úsáid go rialta, go straitéiseach agus le fonn.

Spreagadh! Fianaise na foghlama agus na hiarrachta a cheiliúradh.

Ról an mhúinteora: Monatóireacht agus machnamh leanúnach.

An Teanga Ó Bhéal sa seomra ranga

An múinteoir i mbun pleanála:

- Éilimh na teanga?
- Gníomhaíochtaí a roghnú agus a dhearadh a éascaíonn úsáid na teanga
- Scafaill sa seomra ranga (balla focail, frásaí ar an gclár bán, muinteoir nó CRS le grúpa)

Stáisiúin Don Teanga Ó Bhéal

Rang 4

Stáisiún 1 **8 nóim**	Múinteoir ag obair leo	Comhrá faoi threoir: Fágtar na cártaí "Déan Comhrá" i lár an bhoird. Roghnaíonn páiste cárta agus cuireann siad an cheist ar na páistí eile sa ghrúpa. Déanann an múinteoir/crs scafall ar na freagraí a thugtar le Gaeilge shaibhir, cabhraíonn siad le structúr abairtí agus spreagann siad na gasúir chun féin-cheartú a dhéanamh.
Stáisiún 2 **8 nóim**	Múinteoir ag obair leo	Roth na mbriathra: Roth i lár an bhoird. Casann páiste amháin ag an am an roth. Ar gach spás beidh critéir luaite don abairt a chaithfidh siad a chumadh: briathar, aimsir, agus abairt sheafóideach/fhíor.
Stáisiún 3 **8 nóim**	Neamhsplách	Cluiche na n-abairtí: Nathanna cainte ar theimpléad agus uimhreacha 1-6 trasna agus síos. Imrítear an cluiche i ngrúpaí de bheirt/triúr. Caitheann páiste amháin an dísle ag an am. Caithfidh siad an nath a aimsítear a chuir in abairt. Aimsíodh na nathanna cainte seo in ábhar léitheoireachta Rang 4. Tabharfaidh sé deis do na páistí an teanga nua a chleachtadh.
Stáisiún 4 **8 nóim**	Neamhsplách	Scéalaíocht: Díslí ag an mbord le pictiúir éagsúla ag gach taobh den dísle. Caitheann páiste amhain dísle amhain ag am. Caithfidh siad abairt a chuir leis an scéal (ó bhéal)ag úsáid an pictiúr ar an dísle mar spreagadh.
Stáisiún 5 **8 nóim**	Neamhsplách	Tascanna éisteachta: Ipad agus cluasáin ag chuile pháiste. Éisteann siad le scéal ar leith (6-7 nóim) gach seachtain agus freagraítear ceisteanna réamhéisteachta agus iaréisteachta.

Caint agus Comhrá

- Grúpaí nó beirteanna
- Ceisteanna faoi thopaicí éagsúla le freagairt
- Leibhéal oráiste agus gorm

Caint agus Comhrá

Mapáil leis an gCuraclam Teanga (R3-R6)

Cumarsáid	• Éisteacht go gníomhach le comhráite agus le téacsanna i réimse seánra í agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. Brí agus taitneamh a bhaint as na comhráite agus na téacsanna sin • Gnásanna sóisialta teanga a úsáid agus tús á chur le comhrá nó páirt á glacadh i gcomhrá bunaithe ar ábhar pearsanta agus ar ábhair an churaclaim
Tuiscint	• Úsáid a bhaint as stór focal agus frásaí ó bhéal, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic.
Fiosrú agus Úsáid	• Tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl go muiníneach.



Cluiche na nAbairtí

- Foclóir agus nathanna nua a bhailiú ón léitheoireacht roimh ré.
- Úsáid teimpléad chun iad a chlárú.
- Is féidir an cluiche a imirt i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- Caitear an dísle agus caithfear an nath/focal a chuir in abairt.
- N.b Dul siar rialta ar na frásaí/focail

Cluiche na nAbairtí

Cluiche na n-abairtí						
	Go tobann	D'éalaigh	fiosrach	Thug mé faoi deara	Aoibh gháire	Is mór an trua
	Sceitimíní áthais	Ag cur allais	cuma neirbhíseach	Níl suim dá laghad agam i	Aghaidh chrosta	
			leadránach			
						
						





1.Bhí mé an-bhródúil asam féin nuair…

2. Cuma ghruama…

Mapáil leis an gCuraclam Teanga (R3-R6)

Cumarsáid	• Gnásanna sóisialta teanga a úsáid agus tús á chur le comhrá nó páirt á glacadh i gcomhrá bunaithe ar ábhar pearsanta agus ar ábhair an churaclaim
Tuiscint	• Úsáid a bhaint as stór focal agus frásaí ó bhéal, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic.
Fiosrú agus Úsáid	• Cur síos, tuar agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhartha, imeachtaí agus próisis a bhaineann le comhthéacsanna réalaíocha

Roth na mBriathra

- Briathar agus aimsir ar gach cuid.
- Abairt sheafóideach, shamhlaíoch
- Beirteanna/grúpaí/rang
- Difreáil: critéir níos simplí
- Áis ar line:**https://wordwall.net/**

Roth na mBriathra

Mapáil leis an gCuraclam Teanga (R3-R6)

Tuiscint	• Abairtí a chruthú ag úsáid aimsir chaite agus aimsir láithreach na mbriathra go cuí chun eolas a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar rudaí a bhfuil taithí phearsanta acu orthu.



An Stáisiún Éisteachta

- Ipad agus cluasáin ag gach páiste.
- Ceisteanna réamhéisteachta agus iaréisteachta ullmhaithe ag an múinteoir roimhré.
- Smacht iomlán ag an dalta ar luas an scéil.
- Padlet: Scéalta do pháistí

An Garbhán

An Garbhán á léamh ag Gabriel Rosenstock by Foras na Gaeilge

Ceol na gCat

Leabhar Do Phaistí - Ceol Na gCat - Cló Mhaigh Eo by Raidió na Life

An Caitín a d'Ith an Píotsa

Leabhar Do Phaistí - An Caitín A Dith An Píotsa - Cló Mhaigh Eo by Raidió na Life

Ciara Chainteach

Leabhar Do Phaistí - Ciara Chainteach - Cló Mhaigh Eo by Raidió na Life

An Seilide agus an Míol Mór

soundcloud

Leabhar Do Phaistí - An Seilide Agus An Míol Mór - An Gúm by Raidió na Life

Citi sa Gheimhreadh

Béirín na Picnice



Chuamar go léir ar Safari



Leanbh Nua



Mo Bhaile Beag Féin

https://padlet.com/maire8/iv5c9jic9h6i

Mapáil leis an gCuraclam Teanga (R3-R6)

Cumarsáid	• Éisteacht go gníomhach le réimse réimeanna teanga, canúintí, agus blasanna ar mhaithe le cuspóirí ar leith.
Tuiscint	• Éisteacht go gníomhach le téacsanna agus iad a thuiscint agus a phlé



An Stáisiún Scéalaíochta

- Caitheann gach dalta dísle amháin nó dhó ag an am.
- Caithfidh siad abairt nó dhó a chruthú bunaithe ar an bpictiúr ar an dísle.
- Leanann an chéad duine eile ar aghaidh leis an scéal.
- Moladh: Nascfhocail ar nós tamaill ina dhiaidh sin, go tobann, faoi dheiradh srl a mhúineadh agus a chlárú ar an gclár bán roimhré.

Mapáil leis an gCuraclam Teanga (R3-R6)

Cumarsáid	• Stíl, tuin, luas, stór focal, gothaí gnúise agus comharthaíocht choirp a chur in oiriúint do lucht éisteachta éagsúil agus iad i mbun cumarsáide ó bhéal i réimse de sheánraí.
Tuiscint	• Úsáid a bhaint as stór focal agus frásaí ó bhéal, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic.
Fiosrú agus Úsáid	• Scéalta pearsanta/neamhphearsanta a insint agus a athinsint san ord ceart do luchtanna éisteachta éagsúla. Aimsirí agus stór focal oiriúnach a úsáid don chur síos • Daoine, rudaí, imeachtaí, eispéiris, agus tuairimí bunaithe ar ábhair éagsúla a ainmniú, a mhíniú agus catagóiriú a dhéanamh orthu

Scéalaíocht le Spraoi

Aiseolas na ndaltaí

Measúnú chun foghlama

- Monatóireacht leanúnach: Céard atá ag obair? Céard nach bhfuil ag obair?
- Cláraigh botúin choitianta a chloiseann tú go rialta
- Cén teanga atá in easnamh?
- Grúpáil: Foghlaim phiarchuidaithe nó grúpáil de réir cumais?
- Ról faoi leith ag cainteoirí dúchais?

Botúin Choitianta sa Teanga Ó Bhéal

Rang 4, Téarma 1 2021

	Samplaí	Gné teanga
1	'Dul mé go dtí an trá inné'	Na briathra neamhrialta san aimsir chaite
2	'Caithfidh mé mo cóta a chuir orm'	An Aidiacht Shealbhach
3	'An bhfuil cead aici cabhraú le mise?'	Na forainmneacha réamhfhoclacha

Measúnú den fhoghlaim

- Éist leis na daltaí agus cláraigh na botúin choitianta a chloiseann tú go minic
- PRÓIFÍLÍ MEASÚNACHTA DON GHAEILGE SNA SCOILEANNA GAELTACHTA AGUS SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE (Ó Siaghail, Déiseach)
- Daltaí a mhapáil de réir na gcomharthaí cumais atá acu, taifead ar bheirt ag an mbun, sa lár agus ag an mbarr.


PRÓIFÍLÍ MEASÚNACHTA DON GHAEILGE SNA SCOILEANNA GAELTACHTA AGUS SCOILEANNA LÁN-GHAEILGE

LÁMHLEABHAR

Gearóid Ó Siaghail
Cristín Déiseach

Moltaí Eile

- **Gníomhaíochtaí Gasta:**

Feiliúnach do Rang 4,5,6

60 Gníomhaíocht Chumarsáide bunaithe ar na téamaí

Físeán le cur síos **anseo**

- **Comhrá ranga** gach maidin: nuacht phearsanta, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- An Teanga ó Bhéal mar obair bhaile!

Moltaí Eile

- **Filíocht:** Dán a roghnú do gach téama agus le foghlam de ghlanmheabhair
- Ceann a oireann dod' rang féin
- Rím agus rithim

F. Dán.

Tá Gach Rud sa Mhargadh Uaim

Cé mhéad a chosnaíonn na bréagáin?
Agus na maisiúcháin crochta ansin?
Tá caoga euro i mo phóca agam,
'Is tá gach rud sa mhargadh uaim.

Cé mhéad a chosnaíonn an seodra?
Agus cad faoi na cártaí ansin?
Tá daichead euro fágtha agam,
'Is tá gach rud sa mhargadh uaim.

'An é sin é?' arsa fear an stalla,
'Ní hé,' a d'fhreagair mé.
Tá tríocha euro fágtha agam,
'Is tá gach rud sa mhargadh uaim.

Tógfaidh mé maróg Nollag anois,
'Is seacláid the anuas ar sin,
Tá fiche euro fágtha agam,
'Is tá gach rud sa mhargadh uaim.

Anois bainfidh mé triail as an roth mór,
Suas liom ar an timpeallán 'héis sin,
Tá deich euro fágtha agam,
'Is tá gach rud sa mhargadh uaim.

Málaí daite lán de bhronntanais,
Bolg lán ach beagáinín tinn,
Níl pingin rua fágtha agam,
Anois tá síob abhaile uaim!



Moltaí Eile: An Ghaeilge sa chlós

https://www.cogg.ie/spreag-an-ghaeilge-le-spraoi/

Moltaí Eile: An Ghaeilge Mar Theanga an tSóisialaithe

Ceiliúradh ar an bhfoghlaim agus spreagadh

Ceisteanna

“Moltaí maidir le drochnósanna labhartha atá ag na páistí ag tús na bliana, ach go háirithe tar éis an dá dianghlasáil. Mar shampla, ag bunrang, 'Dul mise ...' seachas 'Chuaigh mise...' agus 'Tá sé sa mo mhála', 'Is féidir le mé.'. Fiú tar éis iad a cheartú agus na habairtí cearta a chleachtadh, fanann na drochnósanna”

- Cá dtosóidh mé?

Céard iad na drochnósanna?
Liosta de na botúin is coitianta agus iad a rangú: Briathra Neamhrialta, Na forainmneacha réamhfhoclacha srl.

Na Briathra Neamhrialta: Cá dtosóidh mé?

- **Céard is briathar neamhrialta ann?**

Abair Déan Tabhair

Beir Faigh Tar

Bí Feic Téigh

Clois Ith

- **<u>Pleanáil:</u>**

Dhá bhriathar gach seachtain

- **Ceisteanna agus Freagraí 5-10 nóim gach maidin:**

An bhfaca tú Ronaldo sa chlós ar maidin?

An ndeachaigh tú thar lear i mbliana?

Ar ith tú píotsa don bhricfeásta riamh?

Dán na mBriathra (Abair Liom ~ Folens)

Dán na

D'éirigh Oisín inné,
D'ith sé arán,
Thug sé póg do Mham
Agus **dúirt** sé 'Slán!'

Chuaigh sé ar scoil,
Chonaic sé na páistí,
Rinne sé obair,
Agus **d'ith** sé oráistí!

Ag am lóin,
Bhí cluiche ar siúl,
Rug sé ar an liathróid
Agus **fuair** sé cúl.

Chuala sé an cloigín
Ag bualadh ar a trí,
Tháinig sé abhaile,
Agus **chuaigh** sé a luí!



Éiríonn Oisín gach lá,
Itheann sé arán,
Tugann sé póg do Mham
Agus **deir** sé 'Slán!'

Téann sé ar scoil,
Feiceann sé na páistí,
Déanann sé obair,
Agus **itheann** sé oráistí!

Ag am lóin,
Bíonn cluiche ar siúl,
Beireann sé ar an liathróid
Agus **faigheann** sé cúl.

Cloiseann sé an cloigín
Ag bualadh ar a trí,
Tagann sé abhaile,
Agus **téann** sé a luí!

Éireoidh Oisín amárach,
Íosfaidh sé arán,
Tabharfaidh sé póg do Mham
Agus **déarfaidh** sé 'Slán!'

Rachaidh sé ar scoil,
Feicfidh sé na páistí,
Déanfaidh sé obair,
Agus **íosfaidh** sé oráistí!

Ag am lóin,
Beidh cluiche ar siúl,
Béarfaidh sé ar an liathróid
Agus **gheobhaidh** sé cúl.

Cloisfidh sé an cloigín
Ag bualadh ar a trí,
Tiocfaidh sé abhaile,
Agus **rachaidh** sé a luí!

Ceisteanna

- Cad iad na moltaí atá agaibh maidir le feabhas a chur ar mo líofacht agus saibhreas sa Ghaeilge mar mhúinteoir agus mar dhuine?
- Cad iad na dóigheanna gur féidir liom féinspreagadh a chothú i ndaltaí chun an Ghaeilge a labhairt. Chonaic mé múinteoirí eile ag úsáid duaiseanna agus pointí srl. ach b'fhearr liom gan spreagadh seachtrach a chur i bhfeidhm.



teg teastaseorpach na gaeilge

Gaelchultúr

Mar fhocail scoir…

- Buíochas
- Taitneamh agus Tairbhe
- Is fiú an tairbhe an trioblóid!
- Teagmháil: maire.nighrainne@gsmhicamhlaigh.ie

Ceisteanna

1. Cén chaoi ar féidir tabhairt faoi chruinneas - an Béarlachas nó rian an Bhéarla a sheachaint i measc daltaí na n-ardranganna?
2. De ghnáth úsáidim Séideán Sí le mo rang a 5. Ach leis an gCovid, Níl sé oiriúnach in aon chor. Tá an caighdeán sa chomhrá an-íseal ag mo rangsa. Géarghá le cluichí/ cleachtadh le gnáthabairtí / nathanna don chumarsáid. Bhfuil son seift thaitneamhach agaibh chuige sin?
3. Moltaí maidir le drochnósanna labhartha atá ag na páistí ag tús na bliana, ach go háirithe tar éis an dá dianghlasáil. Mar shampla, ag bunrang, 'Dul mise ...' seachas 'Chuaigh mise...' agus 'Tá sé sa mo mhála', 'Is féidir le mé.'. Fiú tar éis iad a cheartú agus na habairtí cearta a chleachtadh, fanann na drochnósanna.
4. Cad iad na moltaí atá agaibh maidir le feabhas a chur ar mo líofacht agus saibhreas sa Ghaeilge mar mhúinteoir agus mar dhuine? Cad iad na dóigheanna gur féidir liom féinspreagadh a chothú i ndaltaí chun an Ghaeilge a labhairt. Chonaic mé múinteoirí eile ag úsáid duaiseanna agus pointí srl. ach b'fhearr liom gan spreagadh seachtrach a chur i bhfeidhm.

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

#ForbairtGaeloid

Tacaíochtaí ó Gaeloideachas

- Rannóg speisialta do mhúinteoirí :

  www.gaeloideachas.ie/is-muinteoir-oideoir-me/?lang=ga

- Beatha Teanga: www.gaeloideachas.ie/beatha-teanga

- Grúpa Facebook do Mhúinteoirí Bunscoile:

  www.facebook.com/groups/muinteoiribunscoile

- Nuachtlitir rialta do mhúinteoirí bunscoile: Cláraigh anseo

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Míle Buíochas libh as bheith linn!

Teagmháil

eolas@gaeloideachas.ie

01 853 5195

www.gaeloideachas.ie

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta